# Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 28: *Lámh*



Kathy Prendergast - Hand Drawing

### Caith Súil Ghéar ar an Líníocht

Féach ar na línte ar fad atá tarraingthe ag Kathy Prendergast ar an lámh seo, tá an oiread acu ann! Caith súil ghéar ar do lámh féin - an féidir leat na línte beaga ar fad a fheiceáil ar do bhos? Cabhraíonn na hiomairí beaga ar ár

mbosa linn greim níos fearr a fháil ar rudaí, ionas gur féidir linn greim a choinneáil ar rudaí agus rudaí a phiocadh suas níos éasca. An bhfuil a fhios agat an chúis a mbíonn roic le feiceáil ar do lámha nuair a bhíonn tú san fholcadán? Chun greim níos fearr a choinneáil ar rudaí san uisce!

## Fíric úsáideach


Is féidir le daoine a n-ordóga a chur i gcoinne na méar - rud a chiallaíonn gur féidir lenár n-ordóga agus méara oibriú le chéile chun rudaí a phiocadh suas nó chun crann a dhreapadh. Ciallaíonn sé seo go bhfuilimid éagsúil le go leor ainmhithe eile - seachas cóálaí atá in ann a n-ordóga a chur i gcoinne na méar freisin!



An féidir leat smaoineamh ar aon ainmhí eile atá in ann a n-ordóga a chur i gcoinne na méar? An féidir leat madra a shamhlú agus cupán tae ina lámh?

Céard faoi fhrog? Tabhair buille faoi thuairim faoi cé acu de na hainmhithe seo a leanas atá in ann a n-ordóga a chur i gcoinne na méar cosúil linne:








**Céard a insíonn ár lámha do dhaoine eile fúinn?**

Feiceann daoine áirithe i bhfad níos mó ná línte inár mbosa. Ar fud an domhain tá daoine atá in ann do bhos a léamh duit. Féachann na daoine seo ar na línte is doimhne ar do lámh agus insíonn siad duit céard atá i ndán duit. Dearnadóireacht a thugtar ar an gcleachtas seo, nó léamh boise. Tá an cleachtas seo ar siúl leis na céadta bliain agus is cleachtas traidisiúnta é in go leor cultúr.





**Tusa agus do lámh**

Ligimis dár lámha féin ár scéal féin a insint.

Leag lámh amháin ar phíosa páipéir agus tarraing mórthimpeall air.

Féach ar do lámh agus tarraing na línte is tábhachtaí ar an leathanach.

An féidir leat iad a nascadh le chéile chun aon rud greannmhar a chruthú?

Ansin, maiseoimid na méara. Tarraing pictiúr díot féin ar cheann de do mhéara. Céard cineál éadaí a thaitníonn leat a chaitheamh go minic?

Is féidir leat do mhéara a úsáid chun do scéal a insint - an dtaitníonn peata nó carachtar cartúin ar leith leat?

B'fhéidir gur mhaith leat do dheirfiúr nó an cara is fearr leat a chur san áireamh?

Samhlaigh gur neach eile thú - duine atá ina c(h)ónaí faoin bhfarraige? Nó b'fhéidir gur mhaith leat a bheith i do chónaí faoin talamh agus srón mór a bheith agat cosúil le caochán?

Nó b'fhéidir gur mhaith leat tú féin a tharraingt agus cúig fheisteas álainn ort? Is leatsa an lámh - is é do scéal féin atá le hinsint! Bain taitneamh as!

---

Ba í Annie Forrester a dhear Pictiúir faoi Chaibidil: Lámh.

Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife**